C/2024/6185

15.10.2024

**Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(C/2024/6185)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**‘Côtes du Rhône’**

**PDO-FR-A0325-AM05**

**Dáta na teachtaireachta: 24.7.2024**

## TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

### 1. Cineálacha fíniúna

Leathnaíodh liosta na gcineálacha tánaisteacha i gCaibidil I, Roinn V, pointe 1, ‘Cineálacha fíniúna’ den tsonraíocht táirge.

(a) Fíonta geala:

Cuireadh na cineálacha Carignan B, Floréal B agus Rolle B isteach, teorainn 5 % den mheascán cineálacha leo, agus 10 % de chumaisc.

(b) Fíonta dearga agus rosé:

Cuireadh na cineálacha Carignan B, Floréal B, Rolle B agus Vidoc N isteach, teorainn 5 % den mheascán cineálacha leo agus 10 % de chumaisc.

Tá cuimsiú na gcineálacha sin ar cheann de na réitigh a glacadh le haghaidh an ainmniúcháin mar fhreagairt ar an athrú aeráide agus ar úsáid laghdaithe táirgí cosanta plandaí. Tá na cineálacha tánaisteacha nua comhsheasmhach le próifíl fhíonta an ainmniúcháin agus is féidir leo oiriúnú do thriomach agus do ghalair fhungasacha. Fágann siad sin gur féidir úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú.

Cuireadh na cineálacha atá i gceist leis an roinn ‘Cineálacha fíonchaoire’ den doiciméad aonair.

Sonraíodh sciar 5 % de Carignan B, Floréal B, Rolle B agus Vidoc N sa mheascán cineálacha i Roinn V, pointe 2, ‘Rialacha maidir le sciartha plandaithe’ den tsonraíocht táirge. Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Sonraíodh sciar 10 % de Carignan B, Floréal B, Rolle B agus Vidoc N i gcumaisc i Roinn IX, pointe 1, ‘Cumasc cineálacha’ den tsonraíocht táirge. Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

### 2. Rialacha maidir le lipéadú

Leagtar amach i gCaibidil I, Roinn XII, ‘Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú’ den tsonraíocht táirge rialacha maidir leis an aonad geografach níos mó ‘Vignobles de la Vallée du Rhône’ a shonrú ar an lipéadú. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil sa chló céanna agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach mó í ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sin san áireamh sa roinn ‘Coinníollacha breise’ den doiciméad aonair.

I gCaibidil I, Roinn XII, ‘Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú’ den tsonraíocht táirge, sonraítear nach féidir ainmneacha na gcineálacha leasa chun críoch oiriúnaithe, i.e. Carignan B, Floréal B, Rolle B agus Vidoc N, a bheith le feiceáil ar an lipéadú.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cuireadh an leasú sin san áireamh sa roinn ‘Coinníollacha breise’ den doiciméad aonair.

3. **Ceanglais maidir le dearbhú**

Tá Caibidil II den tsonraíocht táirge maidir le ceanglais dearbhaithe tugtha i gcomhréir leis an bplean cigireachta le haghaidh an ainmniúcháin.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

4. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Comhlánaíodh Caibidil III den tsonraíocht táirge maidir leis an gcomhlacht cigireachta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíontacht na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais arna dtarmligean ag INAO, an comhlacht cigireachta.

Ní dhéanann an ghné bhreise sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Côtes du Rhône

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas úrfhíon fíonchaor faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Fíonta atá dearg, rosé agus geal

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta socra agus tirime atá iontu.

Is fíonta dearga atá i gceist i bhformhór an táirgthe (93 %). Tá na fíonta torthaíoch agus flaithiúil agus tá déine mhaith datha acu. Tá siad oiriúnach don aosú ar feadh tréimhsí ama éagsúla ag brath ar an gcineál ithreach (is fíonta níos éadroime a thagann as ithreacha gainmheacha nó dúrabháin ghainmheacha agus tagann fíonta tainneacha níos saibhre as na hithreacha clochacha créúla) agus ar an gcumasc cineálacha, mar a chinneann na táirgeoirí bunaithe ar a saineolas.

Chuaigh cáil na bhfíonta rosé (4 % den táirgeadh) i dtreise go han-tapa in earnálacha áirithe. Tá siad torthaíoch nó bláthach.

Tá na fíonta geala (3 % den táirgeadh) bláthach agus maothlach sa bhéal, agus bhí mionbhlasanna coimhthíocha orthu uaireanta.

Ní mór do na fíonta na critéir anailíseacha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Is é 10.5 % an neart alcóil nádúrtha de réir toirte.
2. Cion siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 3 g/l le haghaidh neart alcóil nádúrtha de réir toirt nach lú ná 14 %.
3. Cion siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) nach mó ná 4 g/l le haghaidh neart alcóil nádúrtha de réir toirt is mó ná 14 %.
4. Fíonta dearga: cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0.4 g/l. - Déine datha (OD [Dlús Optúil] 420 + 520 + 620 nm) 4.5 ar a laghad tráth an phacáistithe. - Innéacs iomlán polaifeanól (OD 280 nm) 35 ar a laghad tráth an phacáistithe.

Ní mór do na critéir anailíseacha eile na luachanna arna mbunú i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 14.5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 16.33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Spásáil idir sraitheanna agus idir plandaí

Modh fáis

Is é 2.50 méadar nó níos lú an fad idir na sraitheanna; Tá an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda suas le 2.50 $m^2$. Idir 0.80 m agus 1.25 m atá sa spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

2. Prúnáil na fíniúna

Modh fáis

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus sé spor ar a mhéad ag gach planda ann. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. Tá teorainn 2 bhliain leis an tréimhse chun an tródam a bhunú. Tá an phrúnáil mar atá sonraithe do Viognier B.

Is féidir an cineál Viognier B a phrúnáil agus ocht mbachlóg ar a mhéad ar an gcána agus spor nó dhó le dhá bhachlóg ar a mhéad, nó is féidir é a phrúnáil le sé bhachlóg ar a mhéad ar gach cána agus spor nó dhó le dhá bhachlóg ar a mhéad.

3. Uisciú

Modh fáis

Féadfar uisciú a údarú.

4. Modh chun saintréithe chomhshaol fisiciúil agus bitheolaíoch an terroir a chaomhnú

Modh fáis

Is cuid bhunúsach den terroir saintréithe an chomhshaoil fhisiciúil agus bhitheolaíoch, agus chun iad a chaomhnú:

— toirmisctear rialú ceimiceach fiailí ar chinnfhearainn;

— toirmisctear rialú ceimiceach fiailí ar níos mó ná 50 % de dhromchla an fhíonghoirt, gan cinnfhearainn san áireamh;

— toirmisctear mótú plaisteach;

— ní fhéadfar aon athrú substaintiúil a dhéanamh ar chruth ná ar chomhrianta an tírdhreacha nó ar sheicheamh peideolaíoch nádúrtha na ndáileachtaí atá beartaithe chun fíon a tháirgeadh ar a mbeidh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe.

5. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú suas le ráta tiúchana 10 %.

Chun na fíonta rosé a tháirgeadh, ceadaítear do dhéantóirí fíona gualach fíonóireachta a úsáid go heisiach ar úrfhíonta ón bhfáisceán, gan 20 % den toirt iomlán dá ndéanann an t-oibreoir fíon le haghaidh na buainte sin a shárú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonta sna bardais seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2022:

— Roinn Ardèche: Andance, Ardoix, Arras-sur-Rhône, Bourg-Saint-Andéol, Champagne, Charnas, Châteaubourg, Cornas, Félines, Glun, Guilherand-Granges, Lemps, Limony, Mauves, Ozon, Peyraud, Saint-Désirat, Saint-Etienne-de-Valoux, Saint-Jean-de-Muzols, Saint-Julien-en-Saint-Alban, Saint-Just-d'Ardèche, Saint-Marcel-d'Ardèche, Saint-Martin-d'Ardèche, Saint-Péray, Sarras, Sécheras, Serrières, Talencieux, Toulaud, Tournon-sur-Rhône, Vion;

— Roinn Drôme: Beaumont-Monteux, Bouchet, Chanos-Curson, Crozes-Hermitage, Erôme, Gervans, Larnage, Livron-sur-Drôme, Mercurol-Veaunes (only the territory of the delegated municipality of Mercurol), Mérindol-les-Oliviers, Mirabel-aux-Baronnies, Mollans-sur-Ouvèze, Montbrison-sur-Lez, Nyons, Le Pègue, Piégon, Pont-de-l'Isère, La Roche-de-Glun, Rochegude, Rousset-les-Vignes, Saint-Maurice-sur-Eygues, Saint-Pantaléon-les-Vignes, Serves-sur-Rhône, Suze-la-Rousse, Tain-l'Hermitage, Taulignan, Tulette, Venterol, Vinsobres;

— Roinn Gard: Aiguèze, Aramon, Bagnols-sur-Cèze, Carsan, Castillon-du-Gard, Cavillargues, Chusclan, Codolet, Comps, Connaux, Cornillon, Domazan, Estézargues, Fournès, Gaujac, Laudun-l'Ardoise, Laval-Saint-Roman, Lirac, Montfaucon, Montfrin, Orsan, Le Pin, Pont-Saint-Esprit, Pougnadoresse (Section A of the land register updated for 1934), Pouzilhac, Pujaut, Remoulins, Rochefort-du-Gard, Roquemaure, La Roque-sur-Cèze, Sabran, Saint-Alexandre, Saint-André-d'Olérargues, Saint-Etienne-des-Sorts, Saint-Géniès-de-Comolas, Saint-Gervais, Saint-Hilaire-d'Ozilhan, Saint-Julien-de-Peyrolas, Saint-Laurent-de-Carnols, Saint-Laurent-des-Arbres, Saint-Marcel-de-Careiret, Saint-Michel-d'Euzet, Saint-Nazaire, Saint-Paul-les-Fonts, Saint-Paulet-de-Caisson, Saint-Pons-la-Calm, Saint-Victor-la-Coste, Sauveterre, Saze, Tavel, Théziers, Tresques, Valliguières, Vénéjan, Villeneuve-lès-Avignon;

— Roinn an Loire: Chavanay, Malleval, Saint-Michel-sur-Rhône, Saint-Pierre-de-Bœuf, Vérin;

— Roinn Rhône: Ampuis, Condrieu, Saint-Cyr-sur-le-Rhône, Tupin-et-Semons;

— Roinn Vaucluse: Avignon, Beaumes-de-Venise, Bédarrides, Bollène, Buisson, Cairanne, Camaret-sur-Aigues, Caumont-sur-Durance, Châteauneuf-de-Gadagne, Châteauneuf-du-Pape, Courthézon, Faucon, Gigondas, Grillon, Jonquerettes, Jonquières, Lafare, Lagarde-Paréol, Mondragon, Morières-lès-Avignon, Mornas, Orange, Piolenc, Puyméras, Rasteau, Richerenches, Roaix, La Roque-Alric, Sablet, Sainte-Cécile-les-Vignes, Saint-Marcellin-lès-Vaison, Saint-Romain-en-Viennois, Saint-Roman-de-Malegarde, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Sarrians, Séguret, Sérignan-du-Comtat, Sorgues, Suzette, Travaillan, Uchaux, Vacqueyras, Vaison-la-Romaine, Valréas, Vedène, Villedieu, Violès, Visan.

7. **Cineál fíonchaoire (nó cineálacha fíonchaoire)**

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Brun Argenté N – Vaccarèse

Caladoc N

Carignan N

Carignan blanc B

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Counoise N

Couston N

Floreal B

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Marsanne B

Marselan N

Mourvèdre N – Monastrell

Muscardin N

Piquepoul blanc B

Piquepoul noir N

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

Terret noir N

Ugni blanc B

Vermentino B – Rolle

Vidoc N

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

8.1. *Tosca stairiúla agus daonna is ábhartha don nasc*

Cuimsíonn an limistéar geografach réigiún nádúrtha ghleann na Róine. Ritheann abhainn na Róine tríd an limistéar ar fad, í ina ceangal fíor-riachtanach leis an domhan mór.

Síneann an limistéar geografach idir Vienne agus Avignon, thar sé roinn feadh bhruacha thiar agus thoir na habhann.

Le linn na ré Treasaí, b'fhiord Meánmhuirí é gleann na Róine, agus shín sé a fhad le Vienne. Cruthaíodh sraith abhantrach dríodair a raibh aghaidh ó dheas orthu le linn na tréimhse sin, agus fánaí ón ré Mhéiseasóch mar theorainn leo. De réir mar a chuaigh an fharraige ar gcúl, le linn na ré Ceathartha, d'fhág sin an tírdhreach mar atá faoi láthair de bharr creimthe (báisteach, gaotha, dobharchreimeadh). Dá thoradh sin, is iad na fánaí agus na léibhinn na gnéithe is suntasaí den tírdhreach.

Tá éagsúlacht mhór sna cineálacha ithreach atá le fáil sa cheantar:

— ithreacha a fhoirmítear ar léibhinn abhann;

— ithreacha a fhoirmítear ar mharlaí agus ar aolchloch bhog;

— agus ithreacha a cruthaíodh de bharr creimeadh (marlaí, gaineamh, gaineamhchloch nó molás).

Is aeráid Mheánmhuirí í an aeráid i ngleann theas na Róine le samhraí teo, tirime agus báisteach bhliantúil íseal, agus tá an aeráid sa tuaisceart measartha agus ilchríochach, leis an leibhéal báistí céanna agus atá sa deisceart.

Is san fhómhar agus go déanach sa gheimhreadh is mó a bhíonn báisteach ann.

Le linn an tséasúir saothraithe fíniúnacha, ní dhéantar imghalú a chúiteamh ach amháin tríd an mbáisteach a bhíonn go hannamh ann agus a thagann ina stoirmeacha sa samhradh. De réir a chéile ídíonn an ganntanas uisce cúltaiscí uisce ithreach, rud a chuireann moill ar fhás plandaí agus deireadh ar fad leis ansin.

Tá tionchar mór ag an Mistral ar an aeráid freisin, gaoth aduaidh a bhíonn tirim agus fíochmhar go minic. Séideann an Mistral ar feadh 120 lá in aghaidh na bliana ar an meán, agus glanann sin an spéir chomh maith le neart gréine a chinntiú, líon is mó 2 500 uair an chloig in aghaidh na bliana i gcónaí a bhíonn ann. Cruthaíonn na sléibhte agus na cnoic atá timpeall an ghleanna éifeacht chonaire lena ngéaraítear ar luasanna na gaoithe (éifeacht Venturi chonaire na Róine).

Aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe in 1937. Tá ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Côtes du Rhône’ i gcroílár an dara réigiún fíonsaothrúcháin is mó sa Fhrainc de réir achar dromchla. Tá sé chomh suntasach céanna don réigiún fíonsaothrúcháin níos leithne agus atá abhainn na Róine don tírdhreach.

In 2010 táirgeadh thart ar 1.5 milliún heictilítear, lena n-áirítear 60 000 heictilítear d’fhíon rosé agus 45 000 heictilítear d’fhíon geal.

Tarlaíonn an táirgeadh go príomha sa chuid theas den limistéar geografach, idir Avignon agus Donzère, agus sa tuaisceart, is iad ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe ‘Crus des Côtes du Rhône’ príomhfhócas an táirgthe. Mar sin féin, mar gheall ar na tosca nádúrtha agus saineolas saothraithe plandaí i limistéar an réigiúin fíonsaothrúcháin lastuaidh de ‘dhomhanleithead Montélimar’ (44°33’), is gá coigeartú a dhéanamh ar an meascán cineálacha agus ar na rialacha maidir le haibiú fíonchaor laistigh de limistéar ‘Côtes du Rhône’.

8.2. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Limistéar fíonsaothrúcháin éagsúil ar leith is ea ‘Côtes du Rhône’, mar thoradh ar thiomsú an tsaineolais sheanbhunaithe chomhroinnte de réir a chéile chun pobal táirgeoirí a chruthú atá ag iarraidh an aontacht a bhaineann leis an abhainn a chaomhnú, agus urraim á tabhairt ag an am céanna d’fhéiniúlachtaí sonracha na micriréigiún éagsúil atá sa limistéar nó atá ar theorainn an limistéir.

Is fianaise iad na fíonta a tháirgtear ar an ‘éagsúlacht ar leith’ a raibh na táirgeoirí in ann tairbhe a bhaint aisti, agus iad ag oiriúnú an chumaisc cineáil agus ag roghnú na gceapach is fearr chun leas a bhaint as an aeráid fhabhrach agus as abhainn na Róine.

Go stairiúil, bhí cineál Grenache N le fáil sa chuid theas den limistéar geografach, agus sa tuaisceart tugadh tús áite do chineál Syrah N, é gan bheith chomh dian céanna i dtéarmaí a riachtanas teochta foriomlán. Leis an raon cineálacha atá ar fáil do na saothróirí fíona cuireadh ar a gcumas dóibh barrfheabhsú i gcás ina bhfástar cineálacha de réir chineál na hithreach agus de réir nochtadh gach dáileachta.

Tá aeráid i ngleann na Róine atá an-oiriúnach d’fhíniúnacha a fhás, mar gheall ar éifeacht ‘ghlanta’ an Mistral – an ghaoth mallaithe fuar tirim a chosnaíonn na fíniúnacha ar ghalair fhungasacha – an flúirse gréine a sholáthraíonn dálaí maithe aibiúcháin do na fíonchaora, agus an leibhéal ceart agus an tiúchan ceart báistí, rud eile a bhaineann leis na gaotha Mistral a bhíonn ann go minic.

Leis an aeráid shonrach sin táirgtear fíonta dearga flaithiúla, an-daite dea-struchtúrtha a bhfuil mionbhlasanna aramatacha torthaíocha orthu. Thairis sin, tugann sé dea-bholaithe bláthacha amach i bhfíonta geala agus rosé.

Ó bhí coilíniú na Gréige ann, d’fhóin gleann na Róine mar mhórbhealach muirí, agus ina dhiaidh sin, mar bhealach iarnróid agus talún le haghaidh thrádáil an fhíona, agus is dá bharr sin a bhíothas in ann coinneáil leis an traidisiún fíonsaothrúcháin ar feadh níos mó ná dhá mhílaois.

Cruthaíodh céannacht fhine fíonta ‘Côtes du Rhône’ trí mheascán de shaineolas na dtáirgeoirí a fuarthas ó ghlúin go glúin, agus tríd an talamh atá ar fáil dóibh, lena gcuimsítear rogha dáileachtaí críochaithe. Bhíothas in ann ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ar leith ‘Côtes du Rhône Villages’ a chruthú laistigh den fhine sin, agus d’fhéadfadh ainmniúchán geografach forlíontach a bheith ina dhiaidh nó gan bheith ina dhiaidh, agus na hainmniúcháin tionscnaimh cláraithe ‘Crus des Côtes du Rhône’ sna codanna theas agus thuaidh araon den limistéar geografach.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

*Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú fíona*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

(a) Fíonta atá incháilithe an téarma 'primeur' nó 'nouveau' a bheith orthu, ní mór dóibh an bhliain fíona a lua freisin.

(b) Féadfar an t-aonad geografach níos mó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid na bhfíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe faoi na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile agus ní mór í a phriontáil sa chló céanna agus sa dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach mó í ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

(c) Ainmneacha na gcineálacha leasa chun críoch oiriúnaithe, i.e. Carignan B, Floréal B, Rolle B, Vidoc N, ní féidir iad a bheith le feiceáil ar an lipéadú.

*Limistéar díreach in aice láimhe*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

An limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú le haghaidh dhéanamh agus fhorbairt na bhfíonta, is iad críocha na mbardas seo a leanas atá ann, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2022:

— Roinn Ardèche: Alboussière, Arlebosc, Baix, Beauchastel, Bidon, Boffres, Bogy, Champis, Charmes-sur-Rhône, Cheminas, Colombier-le-Cardinal, Eclassan, Etables, Flaviac, Gilhac-et-Bruzac, Gras, Labastide-de-Virac, Peaugres, Plats, Le Pouzin, Quintenas, Rompon, Saint-Barthélemy-le-Plain, Saint-Cierge-la-Serre, Saint-Cyr, Saint-Georges-les-Bains, Saint-Laurent-du-Pape, Saint-Montan, Saint-Remèze, Saint-Romain-d'Ay, Saint-Romain-de-Lerps, Saint-Symphorien-sous-Chomérac, Saint-Vincent-de-Durfort, Savas, Soyons, Thorrenc, Vernosc-lès-Annonay, Vinzieux, La Voulte-sur-Rhône;

— Roinn Drôme: Albon, Aleyrac, Allex, Ambonil, Andancette, Aubres, La Baume-de-Transit, Beausemblant, Benivay-Ollon, Bourg-lès-Valence, Chamaret, Chantemerle-les-Blés, Chantemerle-les-Grignan, Châteauneuf-de-Bordette, Châteauneuf-sur-Isère, Chavannes, Clansayes, Clérieux, Colonzelle, Condorcet, Donzère, Etoile-sur-Rhône, La Garde-Adhémar, Grane, Granges-les-Beaumont, Les Granges-Gontardes, Grignan, Laveyron, Loriol-sur-Drôme, Mercurol-Veaunes (críoch bhardas tarmligthe Veaunes amháin), Montaulieu, Montjoux, Montoison, Montségur-sur-Lauzon, La Penne-sur-l'Ouvèze, Pierrelatte, Pierrelongue, Le Poët-Laval, Les Pilles, Ponsas, Propiac, Roche-Saint-Secret-Beconne, Roussas, Saint-Barthélemy-de-Vals, Saint-Donat-sur-l'Herbasse, Saint-Gervais-sur-Roubion, Saint-Jean-de-Galaure (críoch bhardas tarmligthe La Motte-de-Galaure amháin), Saint-Paul-Trois-Châteaux, Saint-Rambert-d'Albon, Saint-Restitut, Saint-Uze, Saint-Vallier, Salles-sous-Bois, Solérieux, Teyssières, Triors, Valaurie, Valence;

— Roinn Gard: Les Angles, Argilliers, La Bastide-d'Engras, Beaucaire, Bellegarde, La Capelle-et-Masmolène, Collias, Flaux, Le Garn, Goudargues, Issirac, Jonquières-Saint-Vincent, Meynes, Pougnadoresse (gan Roinn A den chlár talún a tugadh cothrom le dáta maidir le 1934 a áireamh), Saint-André-de-Roquepertuis, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Christol-de-Rodières, Saint-Laurent-la-Vernède, Salazac, Sernhac, Vallabrix, Verfeuil, Vers-Pont-du-Gard;

— Roinn Isère: Chonas-l'Amballan, Les Côtes d'Arey, Le-Péage-de-Roussillon, Reventin-Vaugris, Les Roches-de-Condrieu, Sablons, Saint-Alban-du-Rhône, Saint-Clair-du-Rhône, Saint-Maurice-l'Exil, Salaise-sur-Sanne, Seyssuel, Vienne;

— Roinn an Loire: Bessey, La Chapelle-Villars, Chuyer, Lupe, Maclas, Pélussin, Roisey, Saint-Romain-en-Jarez;

— Roinn Rhône: Les Haies, Loire-sur-Rhône, Longes, Sainte-Colombe, Saint-Romain-en-Gal;

— Roinn Vaucluse: Althen-les-Paluds, Aubignan, Le Barroux, Beaumont-du-Ventoux, Bédoin, Blauvac, Brantes, Caderousse, Caromb, Carpentras, Cavaillon, Le Crestet, Crillon-le-Brave, Entraigues-sur-la-Sorgue, Entrechaux, Flassan, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Loriol-du-Comtat, Malaucène, Malemort-du-Comtat, Mazan, Méthamis, Modène, Monteux, Mormoiron, Pernes-les-Fontaines, Le Pontet, Saint-Hippolyte-le-Graveyron, Saint-Léger-du-Ventoux, Saint-Pierre-de-Vassols, Savoillan, Le Thor, Villes-sur-Auzon.

*Limistéar díreach in aice láimhe (ar lean)*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Roinn Isère: Chonas-l'Amballan, Le-Péage-de-Roussillon, Reventin-Vaugris, Les Roches-de-Condrieu, Sablons, Saint-Alban-du-Rhône, Saint-Clair-du-Rhône, Saint-Maurice-l'Exil, Salaise-sur-Sanne, Seyssuel, Vienne;

— Roinn an Loire: Bessey, La Chapelle-Villars, Chuyer, Lupe, Maclas, Pélussin, Roisey, Saint-Romain-en-Jarez;

— Roinn Rhône: Les Haies, Loire-sur-Rhône, Longes, Sainte-Colombe, Saint-Romain-en-Gal;

— Roinn Vaucluse: Althen-les-Paluds, Aubignan, Le Barroux, Beaumont-du-Ventoux, Caderousse, Caromb, Carpentras, Cavaillon, Le Crestet, Entraigues-sur-la-Sorgue, Entrechaux, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Loriol-du-Comtat, Malaucène, Mazan, Monteux, Pernes-les-Fontaines, Le Pontet, Saint-Hippolyte-le-Graveyron, Saint-Léger-du-Ventoux, Le Thor.

*Limistéar díreach in aice láimhe (ar lean)*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Roinn Drôme: Albon, Aleyrac, Allex, Ambonil, Andancette, Aubres, La Baume-de-Transit, Beausemblant, Benivay-Ollon, Bourg-lès-Valence, Chamaret, Chantemerle-les-Blés, Chantemerle-les-Grignan, Châteauneuf-de-Bordette, Châteauneuf-sur-Isère, Chavannes, Clansayes, Clérieux, Colonzelle, Condorcet, Donzère, Etoile-sur-Rhône, La Garde-Adhémar, Grane, Granges-les-Beaumont, Les Granges-Gontardes, Grignan, Laveyron, Loriol-sur-Drôme, Montjoux, Montoison, Montaulieu, Montségur-sur-Lauzon, La Motte-de-Galaure, La Penne-sur-l'Ouvèze, Pierrelatte, Pierrelongue, Le Poët-Laval, Les Pilles, Ponsas, Propiac, Roche-Saint-Secret-Beconne, Roussas, Saint-Barthélemy-de-Vals, Saint Donat sur l'Herbasse, Saint-Gervais-sur-Roubion, Saint-Paul-Trois-Châteaux, Saint-Rambert-d'Albon, Saint-Restitut, Saint-Uze, Saint-Vallier, Salles-sous-Bois, Solérieux, Teyssières, Triors, Valaurie, Valence, Veaunes;

— Roinn Gard: Les Angles, Argilliers, La Bastide-d'Engras, Beaucaire, Bellegarde, La Capelle-et-Masmolène, Collias, Flaux, Le Garn, Goudargues, Issirac, Jonquières-Saint-Vincent, Meynes, Montfaucon, Saint-André-de-Roquepertuis, Saint-Bonnet-du-Gard, Saint-Christol-de-Rodières, Saint-Laurent-la-Vernède, Salazac, Sernhac, Vallabrix, Verfeuil, Vers-Pont-du-Gard.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-6eb78f58-4ff6-4404-90d9-959067933433